



GAELSCOIL CHNOC na RÉ

Baile Uí Dhúgáin (Ballydoogan) - Sligeach

Fón: 071-9174019

www.cnocnare.net

Uimhir Rolla: 20044 I

scoil@cnocnare.net

Polasaí Chaomhnú Páistí (2014-15)

Réamhrá

Glacann an Bord Bainistíochta leis go bhfuil fíorthábhacht le caomhnú páistí agus leas páistí maidir le gach gné de shaol na scoile agus nach mór sin a bheith le sonrú ar pholasaithe, modhanna oibre agus beartaíocht uile na scoile. Dá réir sin, ag teacht lena n-éilítear faoi 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne Oideachais agus Scileanna, tá an polasaí seo a leanas maidir le caomhnú leanaí aontaithe ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Chnoc na Ré.

Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne agus déanfar a gcur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú, mar chuid den pholasáí ginearálta maidir le caomhnú leanaí. Ainmníonn an Bord

Mícheál Ó Broin

mar an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

agus Dara Ní Chléirigh

mar an Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA)

Ról an Bhoird Bainistíochta

Tá sé mar phríomh fhreagracht ag an mBord Bainistíochta páistí na Scoile a chosaint agus cúram iomlán a thabhairt dóibh. Tá freagrachtaí an Bhoird leagtha amach ar leathanach 50/51 de Threoirlínte Pháistí ar dTús agus ar leathanach 15/17 de Threoirlínte Chaomhnú Páistí (DES)

- Clár Chaomhnú Páistí a phleanáil agus a chuir i gcrích
- Forbairt Fóirne
- Duine Caidrimh agus Leas-Dhuine Idirchaidrimh cheapadh
- Cosc a dhéanamh ar Mhí-úsáid Páistí
- I gcás amhras faoi/ líomhain mí-úsáid pháistí i dtaobh fostaithe na scoile, beidh ar an mBord freagra a thabhairt air.
- Fostaí a chur ar bhriseadh riarthach ar an bpointe más gá, ag brath ar an sort líomhain atá déanta fúthu
- Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an gClár agus ar an bPolasaí.

Ról na Foirne

Tá freagrachtaí na foirne leagtha amach i Treoirlínte Athbhreithnithe "Páistí ar dTús" agus i Treoirlínte Chaomhnú Páistí (DES)

- Múineadh an Chláir –Bí Sábháilte
- An DIA a chur ar an teolas má bhíonn ceistiúchán i leith sláinte agus sábháilteacht páiste
- Cúntais a choimeád agus freagra a thabhairt ar líomhain mí-úsáid pháistí mar atá molta i Treoirlínte Chaomhnú Páistí

- Déanfar monatóireacht faoi dhul chun cinn aon dhaltaí go bhfuil inní fúthu nó a cheapfar ata i mbaol ó thaobh ár ndualgais mar mhúinteoirí. Coimeádfar na cúntaisí seo i mbealach rúnda. m.sh.

Uimhir Chlárúcháin an Pháiste _____

Dáta _____

Cad a tugadh faoi dearadh _____

Síniú _____

- Tá dualgas ar an múinteoir cinntiú go bhfuil na páistí faoina c(h)úram chomh sábháilte agus is féidir i gcónaí.

Ról an DIA

- Cinnteoidh an Duine Caidrimh go bhfuil na baill foirne ar an eolas maidir le treoirlínte agus nósanna imeachta agus freastalóidh sé/sí ar thraenáil breise más gá
- Cinnteoidh an Duine Caidrimh go bhfuil cóip den bPolasaí seo ar Chaomhnú Páistí ag gach ball den bhfoireann
- Cinnteoidh an Duine Caidrimh go gcuirfear tuismitheoirí ar an eolas faoi na próiséis atá i bhfeidhm sa scoil nuair a chláraíonn siad a bpáistí sa scoil.

Rudaí breise le cur san áireamh

1. Ní fhágfar cuairteoirí/ daoine deonacha/micléinn ón gColáiste 3ú leibhéal ina n-aonar le páistí na scoile. Fanfaidh an múinteoir/ oibrí scoile fásta eile in éineacht leo.
2. I gcás CRS, cuirfear iad ar an eolas faoin bpolasaí seo agus na Treoirlínte chaomhnú páistí chomh maith.
3. I gcás páiste le riachtanais speisialta, má tá dlúth chúram i gceist, socrófar nósanna, a imeachta tar éis dul i gcomhairle leis an bpáiste thuistí/caomhnóirí agus éinne eile a bheidh gafa ag tabhairt aire dó/di. Tógfar Dea-Chleachtas agus maitheas an pháiste san áireamh ag teacht ar shocráithe ag cinntiú go bhfuil dínit an pháiste chun tosaigh i gcónaí. Nuair a bheidh socraithe cuí eagraithe, inseofar iad do ghach grúpa atá luaite thuas agus cuirfear i scríbhinn é.
4. Má tá múinteoireacht aonarach i gceist, (Múinteoireacht Tacaíocht Foghlama srl.) déanfar é i seomra gur féidir breathnú ar an mhúinteoir agus an páiste. **Moltar nach dtógfar páistí leo féin más féidir.**
5. Tá dualgas ar an múinteoir ranga cinntiú go bhfuil na páistí faoina c(h)úram chomh sábháilte agus is féidir.

Ábhair Eagraíochta agus Curaclama:

Cabhraímid le cosaint i dtaobh mí-úsáid pháistí tríd an Curaclam OSPS a leanúint, an clár Bí Sábháilte a leanúint agus na ranganna Oideachas Caidrimh Gnéas (OCG). Má úsáidtear acmhainní breise, beidh said in oiriúint d'aidhmeanna an pholasaí seo.

Má tá páistí nach bhfuil cead acu fanacht sna ranganna don ábhar seo, is féidir le tuismitheoirí na páistí a bhailiú ag am ar leith go dtí go bhfuil an ceacht thart. Má tá roinnt ranganna sa seomra céanna, tógfar na ranganna cuí amach nuair nach bhfuil an t-ábhar oiriúnach dóibh.

I dtaobh ábhar faoi rún atá pléite sa rang, ní féidir leis an scoil aon fhreagracht a ghlacadh faoin mbealach a pléitear é taobh amuigh den suíomh seo. Ní féidir leis an scoil freagracht rúin a ghlacadh má chuireann páiste ceist phearsanta nó má insíonn said eolas pearsanta fúthu féin.

Glacfaidh páistí le riachtanais speisialta páirt iomlán sa chlár OSPS in a ranganna féin. Cuirfidh an múinteoir ranga na gníomhachtaí in oiriúint dóibh chun cinntiú gur féidir le gach éinne páirt a ghlacadh sa rang. Tabharfaidh na múinteoirí tacaíocht foghlama/ acmhainne cabhair breise más gá.

Úsáidtear na módheolaíochtaí agus bealaigh tabhairt faoi mar a mholtar sa churaclam OSPS; ie, Foghlam gníomhach, caint agus plé, reiteach fadhbanna srl.

Tugtar cuireadh do thuistí breacadh ar an gCuraclam trí nascanna ar shuíomh idirlíon na scoile nó a mhalairt agus tá fáilte rompu labhairt leis an múinteoir ranga faoi aon imní atá orthu faoi.

Dea-chleachtas

I ndáil le polasaithe, modhanna oibre agus beartaíocht de chuid Ghaelscoil Chnoc na Ré, cloífead leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le caomhnú leanaí agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil

- glacadh leis go bhfuil fíorthábhacht le caomhnú leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheist eile;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis chuí faoin reachtaíocht maidir le caomhnú leanaí agus cúrsaí leasa leanaí
- gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhonn an dóigh go dtarlódh dochar nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul i mbaol nach gá a bhféadfadh gurb é toradh a bheadh air go gcuirfí drochúsáid nó faillí ina leith;
- gnás ionracais a thabhairt chun cinn le tuismitheoirí agus iad a spreagadh a bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí; agus
- meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí caomhnaithe leanaí

Cloífidh an scoil leis na prionsabail thuas freisin i ndáil le haon dalta fásta lena mbaineann soghontacht speisialta.

In aonach lenár bPolasaí maidir le Chaomhnú Leanaí, beidh polasaithe tábhachtacha eile againn atá bainteach le Chaomhnú Leanaí agus le páistí a choinneáil sábháilte an tam ar fad: Cód Smachta, Polasaí frithbulaíochta, Polasaí Tinrimh, Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta, Turasanna Scoile, Feitheoireacht ar pháistí, gníomhaíochtaí spóirt, Modhanna imeachta snamha agus clóis srl.

Beidh sé cinntithe ag an mBord go bhfuil na polasaithe, prótacail nó cleachtais, de réir mar is cuí, curtha i bhfeidhm i ndáil le gach ceann de na rudaí thuasluaite.

Cuireadh an polasaí seo ar fáil d'fhoireann na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí agus tá sé ar fáil go héasca ag tuismitheoirí ach a iarraidh. Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil don Roinn agus don phátrún sa chás go n-iarrtar é.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an bpolasaí seo uair in aghaidh na scoilbhliana.

- *This policy will be reviewed by the Board of Management every school year.*

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bpolasaí seo ar an ____lá de mhí _____ 20__

Siniú: _____
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Siniú: _____
Príomh-Oide

Dáta: _____

Dáta: _____

Dáta an chéad athbhreithniú eile: _____